



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Iúil 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0239(COD)

10286/21
ADD 3

EF 224
ECOFIN 661
DROIPEN 119
ENFOPOL 256
CT 92
FISC 107
COTER 82
CODEC 1001

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2021) 191 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Pacáiste maidir le sciúradh airgid: Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun úsáid an chórais airgeadais a chosc chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tÚdarás um Chomhrac Sciúrtha Airgid agus Maoinithe Sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, 1094/2010 agus (AE) 1095/2010 Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus cripteashócmhainní áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 191 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 191 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.7.2021
SWD(2021) 191 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

Pacáiste maidir le sciúradh airgid

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch
sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun úsáid an
chórais airgeadais a chosc chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe
sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tÚdarás um Chomhrac Sciúrtha Airgid agus
Maoinithe Sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010,
1094/2010 agus (AE) 1095/2010**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus
cripteashócmhainní áirithe**

{COM(2021) 420 final} - {SEC(2021) 391 final} - {SWD(2021) 190 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair ar phacáiste tograí reachtacha ón gCoimisiún maidir le Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AML/CFT), lena n-áirítear: Dréacht-Rialachán maidir le AML/CFT; Dréachtleasú ar Threoir 2015/849 maidir le AML/CFT; Dréacht-Rialachán lena gcruthaítear Údarás an Aontais Eorpaigh um AML/CFT.
A. An gá atá le beart
Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?
Sainaitnítear trí fhadhb, d'ainneoin athbhreithnithe a rinneadh le gairid ar an Treoir AML: easpa rialacha soiléire comhsheasmhacha, maoirseacht neamh-chomhsheasmhach ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus comhordú agus malartú faisnéise neamhleordhóthanach i measc Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna). Tagraítear don tuarascáil <i>'post-mortem'</i> a rinneadh in 2019 ar chásanna sciúrtha airgid (ML) san Aontas le déanaí (COM(2019)373final). Maidir leis na rialacha, tugtar faoi deara an easpa teorainneacha ar oibriochtaí airgid thirim agus na tionchair a bhíonn aige sin ar mhaolú an ardriosca go dtarlóidh sciúradh airgid mar thoradh ar íocaíochtaí móra airgid thirim; tá raon feidhme na n-eintiteas a chumhdaítear le reachtaíocht AML agus dícheall cuí custaiméara i measc na réimsí eile a cuireadh i dtábhacht, réimsí ina bhféadfadh comhchuibhiú níos mó a bheith tairbhiúil. Tá éifeachtacht theoranta ag an gcur chuige reatha i leith tríú tíortha. Maidir leis an maoirseacht, níl an cur chun feidhme chomh héifeachtach céanna sna Ballstáit ar fad, mar gheall ar dhifríochtaí atá ann sna hacmhainní agus sna cleachtais. Tá easpa modhanna coiteanna agus teimpléid chomhchuibhithe ann le haghaidh AFAnna, rud a chuireann bac ar anailís chomhpháirteach arb é is cúis le brath fo-optamach na n-idirbheart agus ghníomhaíochtaí a dhéanadh a bheith bainteach le ML/TF. An cur chuige a úsáidtear faoi láthair chun sealbhóirí cuntais bainc thar theorainneacha a shainaitint, níl sé éifeachtach.
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?
Is é is cuspóir dó an creat coiscitheach AML/CFT a neartú san Aontas trí dheireadh a chur leis na bealaí éalaithe atá ann faoi láthair lenar féidir le coirpigh mí-úsáid a bhaint as córas airgeadais an Aontais chun a bhfáltais aindleathacha a sciúradh nó chun maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta. Meastar go mbeidh sin mar thoradh ar ghníomhaíocht ar an leibhéal reachtach agus ar an leibhéal struchtúrach: - Tacar rialacha níos soiléire, lena n-áirítear forálacha is infheidhme go díreach, áiritheofar leis sin go gcuirfean an creat i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí. Déanfar foráil leis sin maidir le cur chuige níos comhsheasmhaí i dtaca leis na heintitis sin ar gá dóibh rialacha AML/CFT a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais agus déanfar foráil freisin le haghaidh cur chuige níos comhsheasmhaí i dtaca leis na bearta is gá dóibh a chur i bhfeidhm, mar aon le huasteorainn a thabhairt isteach ar íocaíochtaí airgid thirim san Aontas. - Ach Údarás an Aontais Eorpaigh um AML a chruthú, feabhsófar maoirseacht agus tacófar le comhar idir AFAnna.
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?
Le Pacáiste AML 2019 a ghlac an Coimisiún, cuireadh i dtábhacht an chaoi a bhfuil coirpigh in ann leas a bhaint as na difríochtaí idir córais AML/CFT na mBallstát. Mar gheall gur den chineál trasteorann é cuid mhaith den sciúradh airgid agus den mhaoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF), is rud fíor-riachtanach é comhar maith a bheith ann idir maoirseoirí náisiúnta agus AFAnna chun na coireanna sin a chosc. Bíonn gníomhaíochtaí trasteorann ar bun ag roinnt eintiteas atá faoi réir oibleagáidí AML, agus cuireann cuir chuige dhifriúla a bhíonn ag maoirseoirí náisiúnta agus AFAnna bac orthu na cleachtais AML/CFT is fearr a bhaint amach ar an leibhéal grúpa. Comhordú níos fearr ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maoirseacht dhíreach ag an Aontas ar na heintitis is mó riosca, tá gá leis an gcomhordú sin chun déileáil leis na saincheisteanna trasteorann sin agus chun acmhainneacht chóras airgeadais an Aontais a uasmhéadú chun ML/TF a chosc agus a bhrath araon.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?
Maidir le rialacha AML/CFT, seachas an cás bunlíne (athruithe fíorbheaga ar an Treoir AML reatha), is iad na roghanna atá ann rialacha atá infheidhme go díreach agus níos comhchuibhithe nach mbaineann ach leis na heintitis a chumhdaítear leis an reachtaíocht nó lena gcumhdaítear maoirseoirí agus AFAnna freisin. Maidir le réimse na maoirseachta, is éard atá sa chás bunlíne comhordú teoranta AML/CFT a dhéanann an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, mar atá faoi láthair. Is rogha idirmheánach é cumhachtaí maoirseachta neamhdhíri a

chruthú ar leibhéal an Aontais (comhlacht de chuid an Aontais chun formhaoirseacht a fheidhmiú ar mhaoirseoirí náisiúnta), agus rogha eile atá ann is ea maoirseacht dhíreach a chruthú ar leibhéal an Aontais ar chuid de na heintitis is mó riosca; is é an rogha dheireanach atá ann maoirseacht dhíreach a dhéanfaidh an tAontas ar na heintitis uile faoi Oibleagáid. Maidir le AFAnna, seachas an bhunlíne de chomhordú neamhfhoirmiúil idir AFAnna náisiúnta, rogha amháin atá ann is ea comhordú agus sásra tacaíochta a chruthú ar leibhéal an Aontais le haghaidh AFAnna. Rogha eile is ea AFA aonair a chruthú ar leibhéal an Aontais a chuirfí in ionad AFAnna náisiúnta.

Seo a leanas na roghanna a roghnaíodh: tacar rialacha AML/CFT níos comhchuibhithe, lena n-áirítear tacar eintiteas níos comhchuibhithe a bheidh faoi réir ceanglais AML/CFT, ceanglais níos comhchuibhithe a mbeidh orthu iad a chur i bhfeidhm agus uasteorainn EUR 10 000 a chur ar íocaíochtaí airgid thirim san Aontas; maoirseoir AML/CFT an Aontais, ag a mbeidh cumhachtaí maoirseachta neamhdhírí maidir leis na heintitis uile a bheidh faoi réir ceanglais AML/CFT agus ag a mbeidh inniúlacht maoirseachta díri le haghaidh cuid de na heintitis is mó riosca san earnáil airgeadais; sásra comhordúcháin agus tacaíochta ar leibhéal an Aontais le haghaidh AFAnna, sásra a chomhtháthófar leis an nGníomhaireacht chéanna ina mbeidh an maoirseoir; na clár náisiúnta cuntais bainc agus córais aisghabhála sonraí a idirnascaidh.

Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Fuarthas 202 fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí, agus cuireadh in iúl in 99 % díobh go raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta chun ML/TF a chomhrac. Measadh gurb é an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais an rogha is éifeachtaí. Tacaíonn na catagóirí páirtithe leasmhara ar fad le rialacha níos comhchuibhithe, lena n-áirítear tacar eintiteas faoi oibleagáid a bheidh níos comhchuibhithe (76 %), ceanglais níos comhchuibhithe nach mór dóibh iad a chur i bhfeidhm (67 %) agus teorainneacha ar íocaíochtaí airgid thirim (55 %). Maidir le maoirseoir an Aontais, is fearr le 55 % de na freagróirí go gcumhdófar na heintitis uile leis, cibé acu a dhéanfar láithreach nó a dhéanfar diaidh ar ndiaidh é (agus bhí páirtithe leasmhara lasmuigh den earnáil airgeadais níos drogallaí). Tacaíonn formhór na bpáirtithe leasmhara le hinniúlachtaí leathana le haghaidh an tsásra AFA – idir teimpléid a fhorbairt (57 %), measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus ar rioscaí (62 %) agus tacaíocht a thabhairt d'anailísí comhpháirteacha (57 %).

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Éifeachtacht agus éifeachtúlacht mhéadaithe chreat AML/CFT an Aontais trí chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú níos comhsheasmhaí, is é sin an príomhbhuntáiste a bhaineann leis na roghanna tosaíochta, agus beidh struchtúir ar leibhéal an Aontais mar bhonn leis an méid sin, tacóidh siad leis agus comhordóidh siad é. Laghdófar leis sin na roghanna a bheidh ag coirpigh chun leas a bhaint as éagsúlachtaí rialála ar fud na mBallstát agus áiritheofar leis go mbeidh cosaint níos fearr ann dár gcóras airgeadais agus don gheilleagar. Ba cheart do chur chuige níos éifeachtaí i leith tríú tíortha an t-ualach a bhíonn ar oibreoirí a laghdú de réir mar a bheidh na rialacha a bheidh le cur i bhfeidhm níos cliste agus de réir mar a fhorchoimeádfar seiceálacha feabhsaithe le haghaidh na gcásanna is mó riosca amháin. Leis an idirnascaidh clár cuntais bainc, chuirfí dlús leis an rochtain a bhíonn ar fhaisnéis faoi chuntais bhainc agus d'éascófaí comhar trasteorann idir AFAnna agus údarais inniúla eile. Leis an teorannú ar oibríochtaí airgid thirim go híocaíochtaí faoi bhun EUR 10 000, díspreagfar an sciúradh airgid ach ní dhéanfar difear don chuimsiú airgeadais.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Is iad na príomhchostais na costais a bhaineann le hÚdarás an Aontais Eorpaigh um AML/CFT (Gníomhaireacht rialála) a bhunú agus a oibriú. Cuir i gcás go mbeadh foireann de 250 fostaí ar choibhéis lánaimseartha i gceist le hoibriú iomlán, bheadh an costas bliantúil thart ar EUR 40 milliún. Meastar gur féidir leath an chostais sin a íoc leis na tobhaigh a chuirfear ar eintitis na hearnála airgeadais a chumhdófar leis an gcreat.

Eintitis san earnáil phríobháideach a chumhdófar as an nua leis an gcreat AML, tabhóidh siad costais freisin. Is cineálacha áirithe Soláthraithe Seirbhíse Sócmhainní Fíorúla agus ardán sluamhainithe iad sin den chuid is mó. Bainfidh na costais sin go príomha le foireann AML/CFT a earcú agus oiliúint a chur ar an bhfoireann agus feidhmchláir iomchuí TF a fháil. Tabhóidh eintitis áirithe a chumhdófar leis an gcreat AML/CFT na costais a bhaineann le ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an Údarás um AML. Braithfidh an costas cruinn ar an líon eintiteas ar gá dóibh ranníocaíocht a dhéanamh (cinnfear sin le gníomh tarmilgthe ina dhiaidh seo).

Beidh costais i gceist le clárlanna láraithe cuntais bainc agus córais aisghabhála sonraí a idirnascaidh, ó thaobh an córas a bhunú agus a choinneáil ar bun. I bhfianaise na gcostas a tabhaíodh i ndáil le córais eile de chuid an Aontais, meastar ar bhonn trialach go mbeidh costais EUR 2 000 000 ag baint leis an ardán idirnascaidh a bheidh ann amach anseo.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Institiúidí airgeadais atá gníomhach ar bhonn trasteorann, bainfidh siad tairbhe as rialacha níos soiléire níos comhsheasmhaí a bheith ann ar fud an Aontais agus dá bharr sin, laghdófar costais chomhlíontachta. Ina theannta sin, beidh cleachtais níos comhchuibhithe ann le haghaidh na n-institiúidí agus beidh teagmháil níos fearr ann idir maoirseoirí náisiúnta agus AFAnna, agus ní bheidh ar chuid acu ach a bheith ag déileáil le maoirseoir amháin de chuid an Aontais. Ba cheart cáilíocht mhaoirseachta níos fearr agus aiseolas níos fearr ó AFAnna a bheith ann le haghaidh Eintitis eile faoi Oibleagáid. Is fiontair neamhairgeadais go bunúsach iad na FBManna a chumhdaítear leis an gCreat AML, lena n-áirítear nótaireí, gníomhairí eastáit réadaigh, cuntasóirí agus daoine eile nach iad. Tá ról teoranta acu faoi láthair maidir le ML/TF a bhrath. Feabhsófar an fheasacht atá acu ar ML/TF, mar aon leis an leibhéal faireachais chun a áirithiú go gcuireann siad bearta AML/CFT i bhfeidhm. De bharr an tionscnaimh seo, ba cheart go dtiocfadh méadú ar an líon idirbhearta amhrasacha a thuairiscíonn siad.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Ní mheastar go mbeidh tionchar diúltach den sórt sin ann. D'fhéadfadh roinnt coigilteas a bheith ann le haghaidh maoirseoirí náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar eintitis faoi láthair, eintitis a chuirfear faoi mhaoirseacht mhaoirseoir an Aontais.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Is é an tionchar suntasach is mó a mheastar a bheidh ann go laghdófar an sciúradh airgid agus an maoiniú sceimhlitheoireachta san Aontas. Maidir leis an méid iomlán ML/TF nár braitheadh, measann Europol go bhfuil go maith os cionn EUR 100 billiún i gceist leis in aghaidh na bliana. Féadfaidh creat coiscitheach cabhrú leis an bhfigiúr sin a laghdú tríd an líon roghanna atá ar fáil do choirpigh a laghdú. D'fhéadfadh sé go mbeadh tairbhí móra leasa shóisialaigh ann mar thoradh air sin. Ina theannta sin, rachaidh an brath feabhsaithe chun tairbhe do na cásanna a imscrúdófar agus a ionchúiseofar, agus beidh deis níos mó ann go n-aisghabhfar sócmhainní, rud a rachaidh chun tairbhe do gach duine.

D. Iarobair**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Ceanglófar le clásal athbhreithnithe sa Rialachán AML a bheidh ann amach anseo go ndéanfar meastóireacht laistigh de 5 bliana tar éis a chur i bhfeidhm. Athbhreithneofar an tÚdarás um AML ag an am céanna, má bhíonn sé i bhfeidhm ar feadh 2 bhliain ar a laghad faoin am sin.